



**An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail**
Department of Rural and
Community Development

Town and Village Renewal Scheme



2019 Achoimre ar an Scéim

Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2019

Achoimre ar an Scéim

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail,

Aibreán, 2019

**Comhlánaigh an fhoirm um léiriú spéise seo le do thoil
agus seol ar ais í chuig
tandv@galwaycoco.ie**

**Dáta Deiridh: 23 Bealtaine 2019 @ 4i.n.
Ní ghlacfar le hiarratais a bhíonn déanach.**

Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2019

1. Réamhrá

Tá Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte ar cheann de phríomhthionscnaimh an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus tá sí ar cheann de réimse bearta chun tacú le saol na tuaithe in Éirinn a athbheochan faoi *Tionscadal Éireann 2040*, Clár Athghiniúna Tuaithe an Rialtais.

Is bailte agus sráidbhailte bríomhara croílár ár bpobail tuaithe agus tá ról tábhachtach acu chun saol na tuaithe in Éirinn a athnuachan. Sheol an Rialtas scéim nua de Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte in 2016 chun tús a chur le próiseas chun bailte agus sráidbhailte tuaithe na hÉireann a athbheochan le go mbeidh siad ina n-áiteanna níos tarraingtí le cónaí, oibriú agus cuairt a thabhairt orthu. Ó shin i leith, tá beagnach €53 milliún leithroinnte ar níos mó ná 670 tionscadal i mbailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann faoin Scéim.

Tá Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte anois ina cuid lárnach d'fheachtas an Rialtais chun bailte agus sráidbhailte tuaithe a fheabhsú. Tríd an scéim, tacaítear le Misean na Roinne chun forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus chun tacú le pobail bhríomhara, ionchuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann. Cuideofar le hacmhainneacht na bpobal tuaithe a fhorbairt i bhfianaise an Bhreathimeachta agus cuideofar leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin tríd an Scéim.

2. Scéim 2019

In 2019, díreofar den chuid is mó faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte ar gníomhaíochtaí de chineál na réimse poiblí agus ar áiseanna lár baile a fheabhsú. Chomh maith leis sin cuirfear fáilte roimh bhearta ina dtacaítear le maireachtáil i lár baile a spreagadh.

In 2019, cuirfear fáilte faoi leith roimh thograí i ndáil leis na bailte/sráidbhailte is mó a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu agus nó bailte/sráidbhailte nach ndearna iarratas roimhe seo nó nár éirigh leo faoin scéim.

Beidh sé ina riachtanas tús a chur le tionscadail in 2019 agus iad a chur i gcrích faoi dheireadh R2 2021.

3. Catagóirí Bailte

Díreofar ar dhá chatagóir Baile/Sráidbhaile faoi scéim 2019, mar a leanas:

Catagóir 1: Bailte agus Sráidbhailte ina bhfuil daonra 5,000 duine nó níos lú.

Catagóir 2: Bailte ina bhfuil daonra idir 5,001 agus 10,000 duine.

Díreofar faoin scéim ar shráidbhailte agus ar bhailte a bhfuil daonra níos lú ná 5,000 duine iontu (Catagóir 1) mar a bhí faoi scéim 2018. Gheobhaidh na bailte/sráidbhailte seo ar a laghad 60% den chistiú atá ar fáil.

4. An Próiseas Iarratais , Measúnaithe agus Ceadaithe

Tá Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte á cistiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus á riar trí na hÚdaráis Áitiúla.

Déanfar tionscadail faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte a roghnú trí phróiseas iomaíochta. Cuspóir a bheidh ann, mar sin féin, go mbeidh leibhéal réasúnta cistithe ar fáil do na ceantair is mó a bhfuil sé de dhíth orthu.

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a roghnóidh na tionscadail deiridh, bunaithe ar na tograí a chuirfidh na hÚdaráis Áitiúla ar aghaidh.

Is gné riachtanach de thionscadail a n-éireoidh leo go mbeadh grúpaí leasa pobail agus/nó gnó rannpháirteach go hiomlán. Beidh na céimeanna seo a leanas mar chuid den phróiseas iarratais:

- Iarrfar ar Údaráis Áitiúla dul i mbun fógraíochta chun léirithe spéise a fháil ó na bailte/sráidbhailte ina limistéar féin agus roghnófar **suas le 12 togra** lena bhforbairt mar iarratais mhionsonraithe le cur ar aghaidh chuig an Roinn.

- Chomh maith leis sin, beidh ar Údarás Áitiúla bileog Forléargas ar Iarratas agus Bileog Forléargas ar Léiriú Spéise a chur ar aghaidh.
- Ní mór na tograí seo a fhorbairt i gcomhairle le leasanna pobail agus gnó an bhaile/an tsráidbhaile.
- Ní féidir ach iarratas amháin a chur isteach i ndáil le haon bhaile ar leith; ach d'fhéadfaí roinnt gnéithe bainteacha a thacódh le hathnuachan an bhaile/an tsráidbhaile a áireamh san iarratas.
- Nuair a dhéantar an t-iarratas a chur ar aghaidh mar ghné nó mar chéim de phlean níos mó, ní mór don Údarás Áitiúil údar a thabhairt do Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte i ndáil leis an ngné/céim sin a chur ar aghaidh seachas an scéim iomlán a chur isteach chuig an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Is do chomhthionscadail mhórsála ina bhfuil leithroinnt deontais €500k ar a laghad atá an RRDF (ar ionann é agus suas le 80% de chostas iomlán an tionscadail).
- Tabharfar aird, nuair a bheifear ag measúnú agus ag ceadú gach tionscadail, ar roinnt cúinsí lena n-áirítear: an cistiú atá ar fáil; réimse, meascán, caighdeán agus éifeacht na dtionscadal atá beartaithe; an cistiú a cuireadh ar fáil ina leith roimhe; agus aon nithe eile a bhaineann le hábhar.

5. Critéir Roghnaithe:

Is treoir atá sa méid seo a leanas (nach bhfuil uileghabhálach) ar an gcineál critéar a chuirfidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i bhfeidhm le linn an phróisis roghnúcháin:

- Cuirfear fáilte faoi leith roimh thograí maidir le bailte/sráidbhailte nach ndearna iarratas roimhe seo nó nár éirigh leo faoin scéim.
- Cuirfear fáilte chomh maith roimh thograí maidir le bailte agus sráidbhailte ar éirigh leo tionscadail a chur i gcrích faoi scéimeanna roimhe seo, go háirithe nuair a dhéantar iarratas trína gcuirtear le tionscadail a bhí ann roimhe seo mar chuid de phlean comhtháite don bhaile/sráidbhaile atá i gceist.
- Áireofar i dtograí a n-éireoidh leo gníomhaíochtaí a mbeidh tionchair dhearfacha shoiléire acu ar an mbaile maidir le comhthorobairt áite agus athghiniúint lár an bhaile.
- Féachfar go dearfach ar thograí trína bhféachtar le tionscnaimh a fhorbairt nó a chur i bhfeidhm trína ndéantar maireachtáil i lár an bhaile a chur chun cinn.
- Ag brath ar chaighdeán foriomlán an togra, breithneofar go fabhrach tionscadail ina léirítear gearáil nó nasc le scéimeanna eile arna réachtáil ag Ranna nó gníomhaireachtaí

Rialtais (e.g. i réimsí na hoidhreachta, na n-ealaíon, an chultúir, na turasóireachta, Bailte Slachtmhara, saoraidí áineasa, áitrimh no láithreáin fholmha a chur in úsáid arís, scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh, etc.) d'fhonn an tionchar is mó a bheith ag an infheistíocht ar an mbaile/tsráidbhaile.

- Cuirfear fáilte faoi leith roimh thionscadail ina léirítear gné den chineál REDZ¹ d'fhonn gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh idir baile/sráidbhaile agus na bailte fearainn agus cúlchríocha in aice láimhe.
- Cuirfear fáilte chomh maith roimh thionscnaimh ina ndíreofar ar Bhratach Chorcra² a bhaint amach nó ar aitheantas den chineál céanna.
- Is tograí a léireoidh dlúthchomhar idir leasanna pobail agus gnó i leagan amach agus i soláthar na dtionscadal beartaithe agus a gheobhaidh cúnaimh ón Údarás Áitiúil is ea tograí a n-éireoidh leo. Is mó dealraitheachta go n-éireofar le baile a athbheochan nuair a bhíonn comhpháirtíocht dhlúth idir an pobal, agus na hearnálacha poiblí agus príobháideacha i ndáil le tograí.
- Chomh maith leis sin, ní mór do thograí a bheith ag teacht le Plean Forbartha an Chontae, an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP), scrúduithe sláinte baile, agus pleananna forbartha áitiúla eile a bhaineann le hábhar.

6. Na cineálacha gníomhaíochtaí ar féidir tacaíocht a thabhairt dóibh

Is cuspóir ghinearálta de chuid Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte gur chóir do thionscnaimh, nuair is féidir, tionscnaimh náisiúnta nó rialtais áitiúil eile a úsáid nó a ghíaráil chun go mbeidh an éifeacht is mó agus is féidir ar bhaile nó ar shráidbhaile. Ba chóir bearta a dtugtar fúthu faoin scéim a bheith inmharthana agus ba chóir go mbeadh tionchar dearfach agus infheicthe ar an mbaile/tsráidbhaile dá mbarr.

Tá sé beartaithe tús áite a thabhairt don liosta táscach gníomhaíochtaí seo (níl an liosta uileghabhálach an liosta seo).

- Sráid-dreach agus timpeallacht an bhaile a fheabhsú.

¹ Is réimsí feidhme iad Criosanna Forbartha Geilleagraí Tuaithe (REDZ) ina mbaintear úsáid as sineirgí agus idirthuilleamaíochtaí bailte tuaithe agus na mbailte fearainn atá timpeall orthu chun gníomhaíocht eacnamaíochta a spreagadh ina gceantar áitiúil.

² Is próiseas creidiúnaithe atá sa Bhratach Chorcra atá cosúil leis an mBratach Ghorm do thránna. Próiseas ina mbronnta Bratach Chorcra ar lár bailte & cathracha a chomhlíonann nó a sháraíonn na caighdeáin barr feabhais i dtaobh an geilleagar tráthnóna agus oíche a bhainistiú.

- Aghaidh Siopaí/Tithe a fheabhsú (go háirithe má dhéantar in éineacht le Scéimeanna eile de chuid Údarás Áitiúil atá dírithe ar fheabhsúcháin dá leithéid).
- Tionscnaimh a fhorbairt trína dtacaítear le maireachtáil i lár an bhaile.
- Scrúduithe sláinte Baile/Sráidbhaile a chur i gcrích/a choimisiúnú³.
- Gníomhaíochtaí atá dírithe chun dul i ngleic le heasnamh bheaga maidir le rochtain, seirbhísí, oibreacha forbartha láithreáin agus oibreacha beaga eile a bhaineann le hinfreastruchtúir a bhféadfadh gá a bheith leo chun tacú le lár baile a fheabhsú, lena n-airítear tithíocht agus/nó forbairt tráchtála agus ar cuid iad de phlean foriomlán chun lár baile a fheabhsú.
- Foirgnimh atá i lár bailte nó sráidbhailte a athrú ó thaobh a gcuspóra de chun éascaíocht a dhéanamh ar chianobair agus/nó chun go mbainfeadh an pobal úsáid eile astu.
- Soláthar/feabhsú áiseanna fóillíochta sa cheantar (e.g. Páirc an Bhaile, conairí siúlóide)
- Feabhas a chur ar acmhainní oidhreachta agus/nó pobail
- Tionscnaimh turasóireachta trína mealltar líon níos mó custaiméirí chuig an mbaile/sráidbhaile.
- Comharthaí ardchaighdeáin a fhorbairt, ar nós an Bhratach Chorcra, Baile Oidhreachta, etc.
- Brandáil agus cur chun cinn an bhaile/sráidbhaile le custaiméirí nua agus/nó infheistíocht ghnó a mhealladh.
- Feabhas ar shábháilteacht agus inrochtaineacht sa bhaile
- Páirceáil a fheabhsú atá leagtha amach go sonrach chun cur le líon na gcustaiméirí i lár bailte a mhéadú.

Féadfar tionscadail trína dtacaítear le fiontar a fhorbairt a chur aghaidh faoin Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte má tá siad laistigh de pharaiméadair na scéime ach d'fhéadfadh tionscadail den chineál seo a bheith níos oiriúnaí le cur ar aghaidh faoin RRDF.

³ D'fhéadfadh an Creat Athnuachana Lár Bailte, atá forbartha ag an bhFóram Comhairliúcháin Miondíola faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, a bheith úsáideach mar threoir maidir le pleananna chun lár bailte a fhorbairt Féach <https://dbei.gov.ie/en/Publications/A-Framework-for-Town-Centre-Renewal.html>

7. Na cineálacha gníomhaíochtaí nach dtabharfar tacaíocht dóibh

- Tionscadail Fiontraíochta Príobháideacha – tá an scéim seo dírithe ar fhiontair agus gníomhaíochtaí pobalbhunaithe agus orthu sin amháin.
- Ceannach talún nó maoinne.
- Tionscadail neamhiomlána - Is féidir glacadh le céimeanna de thionscadail ach ní mór don tionscadal a bheith ag feidhmiú i ndiaidh gach céim ar cuireadh cistiú ar fáil ina leith.
- Tionscadail nach dtugtar léiriú iontu go rabhthas i gcomhchomhairle leis an bpobal.
- Ní dhéanfar tionscadail a bheadh níos oiriúnaí i gcomhar cistithe faoi CLÁR, an Scéim Feabhsaithe Áitiúil (LIS), an Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (ORIS) nó an RRDF a bhreithníú faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte.

8. Leibhéal an Deontais

Cuirfear suas le 80% de chostas iomlán an tionscadail ar fáil d'aon tionscadal faoi leith faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte. Ní mór don Údarás Áitiúil agus/nó don phobal an 20% eile a chur ar fáil i gcistíocht mheaitseála. Is €20,000 an t-íosmhéid atá ar fáil faoin deontas agus €100,000 an t-uasmhéid de ghnáth.

Déanfar uasmhéid níos airde dar luach €200,000 a bhreithníú i gcás líon beag tionscadal inar féidir cás láidir a dhéanamh go mbeadh tairbhe eisceachtúil ag baint leo do bhaile. Tá sé beartaithe 20% den chistiú iomlán a chur go leataobh do thionscadail mar sin faoi réir líon dóthanach tionscadal dá leithéid ar ardchaighdeán a bheith curtha ar aghaidh chuig an Roinn lena mbreithníú.

D'fhéadfaí suas go dtí 10% den chostas iomlán a sholáthar trí chúnamh 'comhchineáil' (e.g. talamh a ligean amach ar léas nó obair dheonach a chur ar fáil⁴); beidh ranníocaíocht 10% in airgead tirim ag teastáil freisin.

⁴ Is féidir cúnamh comhchineáil a sholáthar trí obair dheonach a dhéanamh (i.e. obair gan phá) nach mór a bheith bunaithe ar an achar ama deimhnithe a caitheadh agus ar an ráta íocaíochta d'obair chomhionann. Ní mór don Údarás Áitiúil a chinntiú go bhfuil an ráta atá san iarratas ceart agus bailí.

9. Sceideal Íocaíochta

Faoi réir leibhéil na ndeontas a leagtar amach thuas, is mar seo a leanas a leagtar amach an sceideal íocaíochta:

- Íocaíocht 50% ar dheimhniú go bhfuil leath de chostais iomlána an tionscadail ar a laghad caite ag an Údarás Áitiúil chun an tionscadal a chur ar fáil, agus
- íocaíocht 50% ar a chríochnú, bunaithe ar chaiteachas iarbhír atá tabhairthe ag an Údarás Áitiúil.

10. Coinníollacha maidir le Cistiú

Beidh gach caiteachas a chlárófar tríd an scéim seo faoi réir théarmaí an Chóid Caiteachais Phoiblí. Is féidir teacht air ag <http://publicspendingcode.per.gov.ie/>.

Ina theannta sin, beidh feidhm leis na riachtanais a leagtar amach thíos i ndáil le haon chistiú a cheadaítear faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte. Ní mór cloí le gach riachtanas agus sonrú sin sa socrú conartha idir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na hÚdaráis Áitiúla dá gceadaítear cistiú faoin scéim.

1. Beifear ag súil go gcuirfear tús le gach tionscadal le linn na bliana 2019 agus go dtabharfar chun críche iad faoi dheireadh R2 2021. Ba chóir do bhailte/sráidbhailte nuair a bheadh tionscadail á roghnú acu le cur ar aghaidh chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an cumas atá ann an leibhéal gníomhaíochta riachtanach a chur ar fáil a ghlacadh san áireamh.
2. Cuirfear cistiú ar fáil ó bhuiséad caipitil na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.
3. Cistíocht Mheaitseála (1): Níl aon chostais reatha ná leanúnacha (e.g. costais pá/tuarastail bhaill foirne an Údaráis Áitiúil atá fostaithe go díreach leis an togra) incháilithe do chistiú ón Roinn. Ach mar sin féin, d'fhéadfaí a mheas go mbeadh costais reatha incháilithe mar chuid den chistiú meaitseála atá le cur ar fáil, nuair atá baint dhíreach acu leis an tionscadal a chur i bhfeidhm agus ar feadh thréimhse an tionscadail amháin. Ba chóir costais dá leithéid a bheith réasúnach agus de réir an tionscadail fhoriomlán.

4. Cistiú Meaitseála (2): Is féidir cúnamh comhchineáil a sholáthar trí obair dheonach a dhéanamh (i.e. obair gan phá) nach mór a bheith bunaithe ar an achar ama deimhnithe a caitheadh agus an ráta íocaíochta le haghaidh obair chomhionann. Ní mór don Údarás Áitiúil a chinntiú go ndéantar an ráta a chuirfear i bhfeidhm a dhlísteánú i gceart. Nuair a áireofar Obair Dheonach i dtionscadal, comhairlítear d'Údarás Áitiúla go bhfuil feidhm ag gach reachtaíocht maidir le Sláinte agus Sábháilteacht a bhaineann le hábhar. Ní mór sonraí maidir le hainmneacha, dátaí, an t-am a caitheadh, an obair ar tugadh fúithi agus an ráta in aghaidh na huaire i leith rannpháirtithe a choinneáil.
5. Cistiú Meaitseála (3): Tá ranníocaíocht 10% in airgead tirim de dhíth. Beidh ar an Údarás Áitiúil deimhniú a thabhairt go bhfuil ranníocaíocht in airgead tirim i bhfeidhm agus taifead a choinneáil ar fhoinsé na ranníocaíochta in airgead tirim.
6. Ní mór an tionscadal atá beartaithe a chur i crích go hiomlán, de réir mar a comhaontaíodh leis an Roinn, le bheith incháilithe ar dheontas cistithe. Ní mór aon athruithe ar an tionscadal atá beartaithe a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú sula ndéantar aon athrú a chur i bhfeidhm.
7. Nuair nach ndéantar gné de thionscadal a chur i gcrích de réir iarratas an tionscadail, d'fhéadfaí an deontas cistithe a laghdú chun dul in oiriúint don tionscadal leasaithe.
8. Má bhíonn obair ar fhoirgnimh nó ar thailte i gceist sa tionscadal nach bhfuil faoi úinéireacht an Údarás Áitiúil, ní mór léas 5 bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm ón dáta a gcuirfear an tionscadal i gcrích.
9. I gcás cistithe a leithroinntear ar fhiontair nó ar shaoráidí, tá sé de cheanglas orthu feidhmiú mar a cistíodh ar feadh 5 bliana ar a laghad i ndiaidh na céime deiridh cistithe a bheith eisithe nó mura ndéanfar amhlaidh d'fhéadfadh go gcaithfí cistiú a aisíoc. Ní mór dul i gcomhairle leis an Roinn roimh ré má bhíonn aon athrú laistigh den amlíne seo agus teacht ar chomhaontú ina leith.
10. Ní mór cloí le gach riail agus rialachán airgeadais, soláthair agus cuntasáíochta cuí de chuid an Rialtais agus tabharfaidh gach Údarás Áitiúil cuntas iomlán in am trátha ar an gcistiú a fhaightear.
11. Ba chóir doiciméadú iomlán agus cruinn a choinneáil mar thaca leis an gcaiteachas agus teacht a bheith ag oifigigh na Roinne air am ar bith chun críche iniúchta agus sin a choinneáil go ceann tréimhse sé bliana ón dáta a thiocfaidh an tionscadal chun críche.

12. Beidh ar Údaráis Áitiúla aitheantas a thabhairt don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail/Rialtas na hÉireann i ngach fógra poiblí, i bhfógraíocht agus i gcomharthaíocht chúí a bhaineann leis an tionscadal. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an Roinn an tionscadal a úsáid i gcur chun cinn níos leithne a cuid beartas.
13. Cuirfidh Údaráis Áitiúla aon tuarascálacha nó faisnéis ar fáil maidir leis an tionscadal de réir mar a iarrfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail é ó am go ham.
14. Ba chóir monatóireacht agus measúnú leanúnach ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail a dhéanamh ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar thionchar an tionscadail agus mar chuid den phróiseas foghlama atá bainteach leis. Beifear ag súil go mbaileoidh Údaráis Áitiúla faisnéis chúí ar bhonn leanúnach chun an fhoghlaim sin a éascú agus go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil don Roinn.
15. Cuirfidh gach Údarás Áitiúil pointe/pointí teagmhála ar fáil don Roinn chun éascaíocht a dhéanamh ar íocaíochtaí agus iarrataí ar fhaisnéis.
16. Ní mór tuarascáil deiridh a chur ar fáil ar an tionscadal a thabhairt i gcrích ina sonrúfar gach cuid den chaiteachas a bhaineann leis an deontas.

Mura gcomhlíonfar na rialacha sin nó le haon choinníollacha breise a aontaítear le linn na hidirbheartaíochta don chonradh, d'fhéadfadh ceanglas a bheith ann an deontas ar fad, nó cuid de, a aisíoc.

Nóta: Ní mór Foirm Iarratais chomhlánaithe a bheith mar thaca le gach togra tionscadail. Ní bhreithneofar ach iarratais a chuirfidh an tÚdarás Áitiúil isteach.

Cuirfear an creat scórála thíos i bhfeidhm i ndáil le gach iarratas ar mhaithe le cinntiú go mbeidh gach tionscadal ar ardchaighdeán. Ní mór íostairseach 65% ar a laghad a bhaint amach faoi **gach** critéar agus leagtar amach thíos an marc atá ag teastáil.

Critéir Roghnaithe	Achoimre Mhionsonraithe	Uas-scór	Tairseach Cáilíochta
Poitéinseal agus riachtanas a Léiriú	<ul style="list-style-type: none"> An áirítear ráiteas soiléir faoi na riachtanais atá aitheanta sa togra? An ndírítear sa phlean gníomhaíochta atá beartaithe ar na riachtanais atá aitheanta? I dtaobh tionscadail atá thar €100,000, an léiríonn an tionscadal tairbhe as cuimse don bhaile? 	300	195
An cineál straitéise is bun don togra.	<ul style="list-style-type: none"> An ndéanann an tionscadal gearáil nó comhlánú ar chláir nó spriocanna eile de chuid an Rialtais? An bhfuil an tionscadal ag teacht le cuspóirí na Roinne? An gcuireann an togra le tionscnaimh reatha? Ar lorgaíodh eolas ón leasanna áitiúla pobail nó gnó maidir leis an tionscadal a aithint agus togra tionscadail a chur le chéile? 	200	130
Gnéithe réalaíochta an togra?	<ul style="list-style-type: none"> An bhfuil córas leagtha amach chun an tionscadal a chur i gcrích? An léirítear go mbeidh tionchair inmharthana, dearfacha agus infheicthe ag an tionscadal don bhaile/sráidbhaile? An bhfuil sraith shoiléir aschur agus torthaí sainithe san áireamh leis an togra? An bhfuil próiseas cinnte ann chun torthaí agus tionchar an togra a thomhas le himeacht ama? An bhfuil an tionscadal ag teacht leis an Achoimre ar an Scéim? 	200	130
Luach ar Airgead	<ul style="list-style-type: none"> Soiléireacht maidir leis an togra - spriocanna, costais agus amscála réalaíoch san áireamh. Réasúnaíocht shoiléir leis na costais a iarrtar. Chomh éifeachtacht ó thaobh costais atá an togra maidir le leibhéal, réimse agus cáilíocht na n-aschur agus na dtorthaí atá le baint amach. 	300	195
Iomlán		1000	650

